Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**11302/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0185 (NLE)**

**POLCOM 249**
**SERVICES 31**
**FDI 26**
**COASI 119**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 343 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 343 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 343 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2026
COM(2026) 343 final

2026/0185 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

# 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

## • Forais agus cuspóirí an togra

Ba í an Indinéis an 30ú comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag an Aontas ar domhan le haghaidh earraí agus an cúigiú comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag an Aontas i gComhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) in 2025, agus ba é an tAontas an ceathrú comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag an Indinéis, agus 6 % dá trádáil iomlán i gceist leis. EUR 28,9 billiún a bhí i gceist leis an trádáil dhéthaobhach idir an tAontas agus an Indinéis in 2025, agus onnmhairí an Aontais dar luach EUR 10,2 billiún agus allmhairiú an Aontais dar luach EUR 18,7 billiún ann. Ar na táirgí is mó a onnmhairíonn an Indinéis chuig an Aontas tá táirgí talmhaíochta, táirmhiotail, ceimiceáin, innealra agus fearais, saillte agus olaí mar aon le coisbheart. Is iad táirgí tionsclaíocha, lena n-áirítear innealra agus fearais, trealamh iompair agus táirgí ceimiceacha is mó a onnmhairíonn an tAontas chuig an Indinéis. EUR 9,3 billiún a bhí i gceist leis an trádáil dhéthaobhach i seirbhísí idir an tAontas agus an Indinéis in 2024, agus onnmhairí an Aontais dar luach EUR 5,8 billiún agus allmhairí an Aontais dar luach EUR 3,5 billiún ann. In 2024, EUR 24,7 billiún a bhí i gceist le stoc infheistíochta dírí coigríche (IDC) an Aontais san Indinéis agus EUR 1,3 billiún a bhí i gceist le stoc IDC na hIndinéis san Aontas.

Is comhalta EDT í an Indinéis ó bhí 1995 ann agus tá fabhair trádála aici leis an Aontas faoi láthair faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (‘GSP’) arb í an dara tairbhí is mó den scéim sin í. In 2024, bhí 44 % dá cuid allmhairí chuig an Aontas incháilithe le haghaidh taraifí laghdaithe faoi GSP. Éireoidh an Indinéis as scéim GSP, áfach, an 1 Eanáir 2027 mar gheall ar stádas ard-mheánioncaim a bheith aici le 3 bliana anuas.

An 23 Aibreán 2007, d’údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le comhaontú saorthrádála a chaibidliú le comhaltaí ASEAN ar comhalta de í an Indinéis. Leis an údarú sin, rinneadh foráil maidir leis an bhféidearthacht dul i mbun caibidlíocht dhéthaobhach le comhaltaí ASEAN.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, leathnaigh an Chomhairle raon feidhme a treoracha caibidlíochta chun forálacha maidir le cosaint infheistíochta a chumhdach.

An 13 Iúil 2016, d’údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Cuimsithí (CCEC) leis an Indinéis a chaibidliú.

Is iad Aire Trádála na hIndinéise, Thomas Lembong, agus Ambasadóir an Aontais chuig an Indinéis, Vincent Guérend, a chuir tús oifigiúil leis an gcaibidlíocht le haghaidh CCEC an 19 Iúil 2016. Chumhdaigh an chaibidlíocht cosaint infheistíochta. Mar sin féin, tar éis Thuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017, cinneadh go mbeadh an chuid a bhaineann le cosaint infheistíochta ina bonn le comhaontú neamhspleách. Chuir an Coimisiún an Coiste um an mBeartas Trádála ar an eolas maidir lena chinneadh CCEC agus an Comhaontú Cosanta Infheistíocht (‘CCI’) a dheighilt in 2021 tar éis tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht tar éis phaindéim COVID-19.

Tugadh i gcrích an chaibidlíocht le haghaidh CCI idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis an 23 Meán Fómhair 2025, in éineacht leis an gcaibidlíocht le haghaidh CCEC.
Téacsanna CCI a ndearnadh athbhreithniú dlíthiúil orthu, tá siad ar fáil go poiblí agus is féidir teacht orthu ag an nasc seo a leanas:

[Téacs na gcomhaontuithe - Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch - an Coimisiún Eorpach]

Tá na tograí seo a leanas le haghaidh cinntí ón gComhairle á gcur chun tosaigh ag an gCoimisiún:

– Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche Cuimsithí idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis;
– Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche Cuimsithí idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis;
– Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis;
– Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis.

An togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal, is éard atá ann an ionstraim dlí le haghaidh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sular tugadh an chaibidlíocht le haghaidh an CCI i gcrích, rinne an tAontas agus an Indinéis Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) a chaibidliú, a síníodh in Iacárta an 9 Samhain 2009 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2014. Is é an Comhaontú is bonn leis an gcomhar i raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear cearta an duine agus trádáil, agus le reáchtáil an idirphlé pholaitiúil agus an chomhair earnála rialta.

A luaithe a thiocfaidh CCI i bhfeidhm, beidh sé ann i gcomhthráth le CCEC agus beidh sé ina chuid dhlúth den chaidreamh déthaobhach foriomlán idir an tAontas agus an Indinéis. Níl aon fhoráil ag an dá chomhaontú a thagann salach ar a chéile.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá CCI comhsheasmhach go hiomlán le beartais an Aontais agus ní chuirfidh sé de cheangal ar an Aontas a rialacha, a rialacháin nó a chaighdeáin in aon réimse rialáilte a leasú. Ina theannta sin, le CCEC tugtar cosaint iomlán do cheart an Aontais agus na hIndinéise rialáil a dhéanamh laistigh dá gcríocha féin chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, amhail cosaint moráltachta poiblí, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideachas agus cosaint sonraí, forbairt inbhuanaithe nó cur chun cinn agus cosaint na héagsúlachta cultúrtha.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Déantar foráil le hAirteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le comhaontuithe trádála a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích mar chuid de chomhbheartas tráchtála an Aontais, lena gcumhdaítear infheistíocht dhíreach choigríche.

Ós rud é gurb é príomhchuspóir CCI timpeallacht níos fearr a chruthú chun infheistíochtaí díreacha coigríche a fhorbairt idir an tAontas agus an Indinéis, agus na socruithe is gá a leagan síos chun infheistíochtaí den sórt sin a chosaint, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach.

I bhfianaise ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, is iomchuí don Choimisiún an togra a chur faoi bhráid na Comhairle.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Ós rud é gurb é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach, tá an Chomhairle leis an gcinneadh lena dtugtar an comhaontú i gcrích a ghlacadh, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 218(6), pointe (a), CFAE.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

- **Inniúlacht an Aontais**

I gcomhréir le Tuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017 maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór, thiocfadh na réimsí uile a chumhdaítear le CCI faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus, go háirithe, faoi raon feidhme Airteagal 207 CFAE. Dheimhnigh an Chúirt inniúlacht eisiach an Aontais faoin gComhbheartas Tráchtála de bhun Airteagal 207(1) CFAE agus Airteagal 3(2) CFAE.

Dá bharr sin, tá CCI le tabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní chumhdaítear le CCI, mar a chuirtear i láthair na Comhairle é, aon ábhar nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is iad comhaontuithe cosanta infheistíochta an modh iomchuí trínar féidir timpeallacht níos fearr a chruthú chun infheistíochtaí díreacha coigríche idir an tAontas agus tríú tír a fhorbairt agus na socruithe is gá a leagan síos chun na hinfheistíochtaí sin idir an tAontas agus tríú tír a chosaint. Níl aon rogha eile ann chun iarrachtaí cosanta den sórt sin a dhéanamh ceangailteach ó thaobh an dlí.

Leis an tionscnamh seo saothraítear go díreach cuspóir an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil ‘an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre’. Is i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh atá sé dul i gcaidreamh le páirtithe eile agus a chomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Rannchuidíonn sé le cuspóirí trádála agus forbartha an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le tabhairt i gcrích comhaontuithe idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d’fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach. Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d’fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Roimh an gcaibidlíocht agus lena linn, cuireadh Ballstáit an Aontais ar an eolas go rialta agus chuathas i gcomhairle leo ó bhéal agus i scríbhinn maidir leis na gnéithe éagsúla den chaibidlíocht trí Choiste na Comhairle um an mBeartas Trádála, lena n-áirítear ina fhoghrúpa maidir le seirbhísí agus infheistíocht. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta freisin agus chuathas i gcomhairle léi tríd an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta. Na téacsanna a tháinig as an gcaibidlíocht de réir a chéile, scaipeadh iad ar an dá institiúid le linn an phróisis.

I gcomhthráth leis an gcaibidlíocht, choimisiúnaigh an Coimisiún Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta ar CCEC idir an tAontas agus an Indinéis.

Sa Mheasúnú Tionchair Inbhuanaitheachta, a tugadh chun críche i mí Mheán Fómhair 2019 chun tacú leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú saorthrádála agus cosanta infheistíochta, scrúdaíodh conas a d’fhéadfadh na forálacha trádála agus infheistíochta de CCEC atá á chaibidliú difear a dhéanamh do shaincheisteanna eacnamaíocha, sóisialta, chearta an duine agus comhshaoil san Aontas agus san Indinéis. Chuir sé leis an anailís a cuireadh i láthair sa Mheasúnú Tionchair Inbhuanaitheachta a rinneadh in 2009 chun tacú leis an gcaibidlíocht idir réigiúin le haghaidh comhaontú trádála idir an tAontas agus ASEAN agus chuir sé faisnéis níos cothroime le dáta ar fáil mar aon le fócas soiléir ar na gnéithe sonracha a bhaineann le caibidlíocht dhéthaobhach leis an Indinéis amháin agus ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag an gcaibidlíocht sin.

Ar an iomlán, thángthas ar an gconclúid sa Mheasúnú Tionchair Inbhuanaitheachta go raibh coinne leis go mbeadh tionchair dhearfacha ag an gcomhaontú ar an dá Pháirtí araon agus ar a sochaithe, ar fud na bpríomhtháscairí eacnamaíocha uile (OTI, leas, trádáil dhomhanda agus dhéthaobhach), agus go mbeadh méid comparáideach na dtionchar sin níos mó san Indinéis ná mar a bheadh san Aontas, mar gheall ar na difríochtaí i méideanna coibhneasta an dá gheilleagar.

I gcomhthéacs an Mheasúnaithe Tionchair Inbhuanaitheachta agus le linn na caibidlíochta, thug an Coimisiún an deis d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dtuairimí a chur in iúl, ceisteanna a chur, agus rannchuidiú le díospóireacht fhónta, fhianaise-bhunaithe agus thrédhearcach ar leibhéal na sochaí, lena n-áirítear trí sheisiúin idirphlé thiomnaithe leis an tsochaí shibhialta, trí cheardlann le páirtithe leasmhara áitiúla san Indinéis, trí chruinnithe déthaobhacha, trí agallaimh agus trí shuirbhéanna gréasánbhunaithe.

Thairis sin, le linn na caibidlíochta agus i gcomhréir lena bheartas trédhearcachta, d’fhoilsigh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin tuairiscí ar na babhtaí caibidlíochta, na tograí téacs, preaseisiúintí, bileoga eolais agus ábhair faisnéise cúlra, agus thug sé na nithe sin cothrom le dáta go rialta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Is cuibhreannas cuideachtaí comhairliúcháin neamhspleácha a rinne an Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta ar CCEC, cuibhreannas a bhí faoi stiúir Development Solutions agus a choimisiúnaigh Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin.

- **Measúnú tionchair**

Cumhdaíodh an chaibidlíocht le haghaidh comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha leis an measúnú tionchair a rinneadh tráth an togra ón gCoimisiún le haghaidh sainordú caibidlíochta maidir le comhaontú saorthrádála AE-ASEAN.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl CCI faoi réir nósanna imeachta REFIT.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag CCI ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsíonn CCI forálacha institiúideacha lena leagtar síos an struchtúr do na comhlachtaí cur chun feidhme sa tslí go mbeidh siad in ann faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme, ar oibriú agus ar thionchar CCI.

Sa chaibidil institiúideach de CCI, bunaítear Coiste a bhfuil sé mar phríomhchúram air maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm CCI agus an méid sin a éascú.

Déanfaidh an Coiste tuairimí a mhalartú le hionadaithe na sochaí sibhialta atá rannpháirteach in idirphlé leis an tsochaí sibhialta maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an chomhaontaithe .

Bunaítear le CCI freisin grúpaí comhairleacha baile ina bhfuil ionadaíocht chothrom ar eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta, ar bhonn cur chuige il-pháirtithe leasmhara a chuimsíonn grúpaí leasmhara ábhartha i gcúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Féadfaidh na grúpaí comhairleacha baile tuairimí agus moltaí a chur isteach maidir le feidhmiú agus cur chun feidhme CCI agus tiocfaidh siad le chéile uair sa bhliain ar a laghad.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le forálacha CCI, bunaítear an creat dlíthiúil chun infheisteoirí agus a gcuid infheistíochtaí a chosaint laistigh de chríocha an Aontais agus na hIndinéise. Le CCI, áirithítear cothromaíocht chuí idir cosaint na n-infheisteoirí agus a gcuid infheistíochtaí, ar thaobh amháin, agus an ceart atá ag rialtais rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, ar an taobh eile.

Na hoibleagáidí substainteacha a chuimsítear sa roinn cosanta infheistíochta, tagann siad go dlúth le cur chuige athchóirithe an Aontais mar a ionchorpraíodh i gcomhaontuithe uile an Aontais a tugadh i gcrích go dtí seo. Go háirithe, athdhearbhaítear leis na forálacha ábhartha an ceart atá ag na Páirtithe rialáil a dhéanamh agus deimhnítear leo go bhféadfadh an creat

rialála is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí athrú amach anseo, lena n-áirítear ar bhealaí ina bhféadfaí tionchar diúltach a imirt ar infheistíochtaí sonracha.

Tá na forálacha maidir le cosaint infheistíochta bunaithe ar chaighdeáin shoiléire agus bheachta lena soláthraítear ráthaíochtaí bunúsacha d'infheisteoirí coigríche agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart infheistíocht a dhéanamh san Aontas nó san Indinéis. Sa bhreis ar oibleagáidí neamh-idirdhealaithe, áirítear ar na ráthaíochtaí sin cosaint ar dhíshealbhú gan chúiteamh, gealltanais a bhaineann le cóir chothrom agus chomhionann agus slándáil fhisiciúil, cúiteamh as caillteanais mar gheall ar chogadh nó coinbhleacht armtha eile, mar aon le saoraistriú cistí. Rud atá tábhachtach, sainítear go beacht sna forálacha na himthosca faoina bhféadfaí a chinneadh gur sháraigh Páirtí caighdeán na córa cothroime agus comhionainne, rud a chuireann teorainn shuntasach leis an raon feidhme maidir le léiriú lánroghnach i gcás díospóidí.

Ina theannta sin, tá na caighdeáin chosanta sin faoi réir eisceachtaí sonracha atá ceaptha chun spás beartais breise a chaomhnú i gcás inar gá, lena n-áirítear trí dhíolmhuithe stuamachta, eisceachtaí slándála agus eisceachtaí ginearálta.

Tugtar tuilleadh tacaíochta do CCI trí shásra láidir um réiteach díospóidí ina gcuimsítear a) idirghabháil idir infheisteoir agus stát agus b) réiteach díospóidí idir stáit. Áirithítear leis an sásra um réiteach díospóidí idir stáit go bhfuil na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in CCI in-fhorfheidhmithe. Geallann an tAontas agus an Indinéis freisin go gcuirfidh siad tús arís leis an gcaibidlíocht maidir le réiteach díospóidí infheistíochta idir Páirtí amháin agus infheisteoir de chuid an Pháirtí eile mar aon le treoraíocht léirmhínitheach maidir le bearta cánachais agus díshealbhú, tráth nach déanaí ná dáta theacht i bhfeidhm CCI. Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhaontaíonn an dá thaobh an dul chun cinn atá déanta maidir leis an athchóiriú ar réiteach díospóidí infheistíochta i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha a chur san áireamh.

2026/0185 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. [XX] ón gComhairle[2], síníodh an Comhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis (‘an Comhaontú’) an [XX XX 2026], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn.

(2) Leis an gComhaontú, ba cheart go n-áiritheofaí cur chun cinn chomhbheartas tráchtála an Aontais trí chomhaontú cosanta infheistíochta leis an Indinéis a chur i bhfeidhm.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas.

(4) Ní thugtar leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 6.12 de, laistigh den Aontas, cearta do dhaoine ná ní fhorchuirtear oibleagáidí ar dhaoine, seachas na cearta agus na hoibleagáidí sin arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus an Indinéis (‘an Comhaontú’) a fhormheas[3].

---

1 IO C, , lch. .

2 [Tagairt le cur isteach].

3 Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha[4].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[4] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.